



## Ráiteas Polasaí um COVID-19

Tá Scoil Chualann tiomanta do láthair oibre shábháilte shláintiúil a chur ar fáil dár bhfoireann agus timpeallachtsláinte foghlama a sholáthar dár ndaltaí uile. D'fhonn sin a chinntiú, tá an Plean Freagartha COVID-19 seo forbartha againn. Tá an Bord Bainistíochta agus foireann uile na scoile freagrach as feidhmiú an phlean seo agus cabhróidh a gcomhiarracht le scaipeadh an víris a mhoilliú.

### An plean:

- déanfar faireachán leanúnach ar an bhfreagairt COVID-19 agus leasófar an plean seo i gcomhairle le lucht foirne
- cuirfear faisnéis suas chun dáta ar fáil don fhoireann agus do na daltaí faoin gcomhairle Sláinte Phoiblí a eiseoidh an FSS agus an Rialtas (Gov.ie)
- cuirfear comharthaí agus siomptóim COVID-19 agus na modhanna cearta le lámha a ní ar taispeáint • aontófar ionadaí obrithe leis an bhfoireann a bheidh inaitheanta go héasca leis an ról atá imlínithe sa phlean seo maidir le soláthar samhraidh a chomhlíonadh
- cuirfear béasaíocht riachtanach sláinteachais agus riospráide, agus an bhéasaíocht maidir le scaradh fisiciúil in iúl don fhoireann agus do na daltaí uile
- déanfar an scoil a oiriúnú don scaradh fisiciúil de réir mar is cuí faoi threoir agus faoi stiúir na Roinne Oideachais agus Scileanna
- coinneofar loga teagmhálacha le rianú teagmhálacha a éascú
- cinnteofar go mbeidh an fhoireann agus na daltaí páirteach sna seisiúin ionductaithe/cleachtaithe a chuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil
- cuirfear na nósanna imeachtaí comhaontaithe atá le leanúint i gcás go léiríonn duine éigin siomptóim COVID-19 agus iad ar scoil i bhfeidhm
- cuirfear treoracha ar fáil do lucht foirne agus do dhaltaí a bheidh le comhlíonadh acu má fhorbraíonn siad comharthaí agus siomptóim COVID-19 le linn am scoile
- cuirfear glantachán i bhfeidhm de réir chomhairle na Roinne Oideachais agus Scileanna

Beifear i gcomhairle le gach ball foirne ar bhonn leanúnach agus spreagfar aiseolas faoi aon údar imní, saincheisteanna nó moltaí atá acu.

Is féidir é seo a dhéanamh trí Phríomhionadaí na nOibríthe

Sínte: *Máire Uí Aírmhíche*  
Cathaoirleach

Dáta: 17 Lúnasa 2020

Sínte: *Michelle Ní Thuama*  
Príomhoide

Dáta: 17 Lúnasa 2020